AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 9.9.2022
COM(2022) 443 final

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

maidir le feidhmiú coistí in 2021

{SWD(2022) 279 final}

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

maidir le feidhmiú coistí in 2021

1. RÉAMHRÁ

I gcomhréir le hAirteagal 10(2) de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme an Choimisiúin[1] (an 'Rialachán um Choisteolaíocht'), cuireann an Coimisiún a thuarascáil bhliantúil maidir le feidhmiú coistí in 2021 i láthair.

Tugtar forbhreathnú sa tuarascáil ar fhorbairtí in 2021 ar an gcóras 'coisteoilaíochta', a thagraíonn do na coistí lena dtéann an Coimisiún i gcomhairle maidir le dréachtghníomhartha cur chun feidhme. Tá ionadaithe ar na coistí as gach Ballstát, ionadaí ón gCoimisiún mar chathaoirleach, agus leanann siad nósanna imeachta oibriúcháin éagsúla ag brath ar an mbunghníomh (cf. Tábla II).

Tugtar achoimre sa tuarascáil ar ghníomhaíochtaí na gcoistí agus tá **doiciméad inmheánach oibre** ag gabháil leis ina bhfuil staidreamh mionsonraithe i dtaca le hobair na gcoistí aonair le haghaidh gach aon earnáil beartais[2]. Cuirtear i dtábhacht inti na príomhathruithe agus treochtaí a chonacthas ar bhonn bliantúil, trí fhigiúirí foriomlána a chur i láthair maidir le cruinnithe, nósanna imeachta, tuairimí a tugadh (i.e. dearfach, diúltach nó gan aon tuairim) agus gníomhartha a glacadh. Tugtar forbhreathnú inti chomh maith ar na cásanna a cuireadh faoi bhráid an choiste achomhairc agus ar agóidí ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

2. FORBHREATHNÚ AR FHORBAIRTÍ SA CHÓRAS COISTEOLAÍOCHTA IN 2021

2.1. Forbairtí ginearálta

Bhí na coistí coisteolaíochta ag feidhmiú in 2021 faoi nósanna imeachta a leagtar amach sa Rialachán um Choisteolaíocht, i.e. an nós imeachta comhairleach (Airteagal 4) agus an nós imeachta scrúdúcháin (Airteagal 5), chomh maith le bheith ag feidhmiú faoin nós imeachta rialúcháin a leagtar amach in Airteagal 5a den Chinneadh um Choisteolaíocht[3].

Maidir le paindéim fhada COVID-19 agus na beartais a glacadh chun í a shrianadh, chuir sí teorainn fós le cruinnithe fisiceacha de chuid na gcoistí a bunaíodh faoin Rialachán um Choisteolaíocht a thionól. Dá bhrí sin, bhí formhór na gcruinnithe coiste fós á dtionól go cianda (ar líne) den chuid ba mhó. Glacadh le cianchruinnithe mar ghnáthchruinnithe coiste, lena n-áirítear chun críocha Chlár na Coisteolaíochta; liostaítear iad mar chruinnithe agus sonraítear sa taifead achomair gur tionóladh na cruinnithe seo go cianda.

---

1 IO L 55, 28.2.2011, lch. 13.

2 Mar atá cumhdaithe ag na ranna den Choimisiún a phléann leis na réimsí beartais faoi seach.

3 Cinneadh 1999/468/CE ón gComhairle an 28 Meitheamh 1999 lena leagtar síos na nósanna imeachta maidir le feidhmiú na gcumhachtaí cur chun feidhme arna dtabhairt don Choimisiún (IO L 184, 17.7.1999, lch. 23).

A mhéid a bhaineann le réimsí eile atá lasmuigh d'fheidhmiú na gcoistí coisteolaíochta, meabhraítear i bpointe 27 den Chomhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016[4] an gá atá le gníomhartha ina dtagraítear fós don nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú a ailíniú leis an gcreat dlíthiúil nua a tugadh isteach le Conradh Liospóin. Lean díospóireachtaí idirinstitiúideacha maidir le hailíniú a dhéanamh leis an gcuid eile de na bunghníomhartha, ar bhonn thograí 2019 an Choimisiúin (i.e. ginearálta[5] agus maidir le réimse an cheartais[6]). Ní dhearnadh aon dul chun cinn maidir leis na caibidlíochtaí in 2021, áfach, mar gheall ar na teorainneacha a bhain le COVID-19.

Tá togra an Choimisiúin an 14 Feabhra 2017 maidir le Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear an Rialachán um Choisteolaíocht (AE) Uimh. 182/2011 fós ar feitheamh[7]. Leis an togra seo, cuireadh roinnt athruithe spriocdhírithe ar aghaidh maidir le feidhmiú an choiste achomhairc chun aghaidh a thabhairt ar chásanna 'gan aon tuairim' i gcásanna íogaire. Mar gheall ar na tuairimí an-difriúil a bhí ag na comhreachtóirí, níorbh fhéidir dul chun cinn a dhéanamh in 2021.

Leanann an Coimisiún ag cur dréacht-téacsanna le haghaidh gníomhartha tarmligthe agus gníomhartha cur chun feidhme tábhachtacha ar fáil don phobal ar feadh tréimhse 4 seachtaine, rud a thugann deis do pháirtithe leasmhara barúlacha a chur isteach. In 2021, foilsíodh 85 dhréachtghníomh cur chun feidhme chun aiseolas ón bpobal a fháil ar an suíomh gréasáin 'Cloisimis uait'[8].

2.2. Forbairtí sa chásdlí

A mhéid a bhaineann leis an gcásdlí i réimse na coisteolaíochta, ina breithiúnas an 27 Eanáir sa chás Poblacht na Polainne v an Coimisiún Eorpach[9], thug an Chúirt Ghinearálta léirmhíniú ar na forálacha idirthréimhseacha maidir leis an vótáil trí thromlach cáilithe san athrú ó na socruithe vótála i gConradh Nice go dtí na socruithe vótála i gConradh Liospóin. Faoi Airteagal 3(2) de Phrótacal 36 de na Conarthaí, bhí sé de cheart ag aon Bhallstát, le linn idirthréimhse a mhair go dtí an 31 Márta 2017, cur i bhfeidhm an chórais vótála ualaithe a raibh feidhm leis faoi Chonradh Nice a iarraidh. Mheas an Chúirt Ghinearálta gur cheart feidhm a bheith ag tromlach cáilithe Chonradh Nice (faoi Airteagal 3(3) de Phrótacal 36) fós, dá n-iarrfadh Ballstát é roimh an 31 Márta 2017, i gcás ina dtarlódh an vóta ar an ngníomh tar éis an dáta sin.

---

4 Comhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le Reachtú Níos Fearr an 13 Aibreán 2016 (IO L 123, 12.5.2016, lch. 1).

5 Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena gcuirtear in oiriúint roinnt gníomhartha dlí lena ndéantar foráil maidir le húsáid an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú ar Airteagail 290 agus 291 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, COM (2016) 799 final,

6 Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena gcuirtear in oiriúint roinnt gníomhartha dlí i réimse an Cheartais lena ndéantar foráil maidir le húsáid an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú ar Airteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (COM (2016) 798).

7 Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme an Choimisiúin (COM (2017) 085 final).

8 https://ec.europa.eu/info/law/better-regulation/have-your-say_ga

9 Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 27 Eanáir 2021, i gCás T-699/17, Poblacht na Polainne v An Coimisiún Eorpach, ECLI:AE:2021:44, mír 60.

Sa chás a cuireadh os comhair na Cúirte, dhiúltaigh an Coimisiún iarraidh na Polainne maidir le córas vótála ualaithe a úsáid mar bhí an vóta faoin gCinneadh sin le tarlú i ndiaidh an 31 Márta 2017. Neamhnigh an Chúirt Ghinearálta an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún agus d'ordaigh sí don Choimisiún Cinneadh Cur Chun Feidhme nua a ghlacadh in ionad an Chinnidh Cur Chun Feidhme a neamhníodh i gcomhréir leis na rialacha maidir le tromlach cáilithe faoi Chonradh Nice. Glacadh an Cinneadh nua sin, a d'ordaigh an Chúirt Ghinearálta a bheith i bhfeidhm laistigh de dhá mhí dhéag ó dháta a breithiúnais, an 30 Samhain 2021[10].

3. FORBHREATHNÚ AR GHNÍOMHAÍOCHTAÍ

3.1. An líon coistí

Dírítear sa tuarascáil seo ar na coistí coisteolaíochta arna gcur ar bun ag an reachtóir chun cúnamh a thabhairt don Choimisiún maidir le feidhmiú na gcumhachtaí cur chun feidhme a tugadh dó le bunghníomhartha dlí. Níl eintitis eile, go háirithe 'grúpaí saineolaithe' a bhunaigh an Coimisiún é féin, cumhdaithe sa tuarascáil seo.

Taispeántar i dTábla I an líon coistí coisteolaíochta a bhí ann le linn na tréimhse idir an 1 Eanáir agus an 31 Nollaig 2021, agus na figiúirí don bhliain roimhe sin ann chun comparáid a dhéanamh. Chuir ranna ábhartha an Choimisiúin na figiúirí seo ar fáil agus tógtar iad ón doiciméad inmheánach oibre atá ag gabháil leis.

TÁBLA I — AN LÍON IOMLÁN COISTÍ

Roinn an Choimisiúin	2020	2021
AGRI (Talmhaíocht agus Forbairt Tuaithe	11	12
BUDG (Buiséad)	2	2
CLIMA (Gníomhú ar son na hAeráide)	5	5
CNECT (Líonraí Cumarsáide, an tÁbhar Digiteach agus an Teicneolaíocht)	9	11
DEFIS (An Tionscal Cosanta agus an Spás)	5	13
DIGIT (Faisnéisíocht)	1	1
EAC (Oideachas, an Óige, Spórt agus Cultúr)	2	4
ECFIN (Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais)	1	2
ECHO (Cabhair Dhaonnúil agus Cosaint Shibhialta)	2	2
EMPL (Fostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Cuimsiú)	5	6
ENER (Fuinneamh)	14	14
ENV (An Comhshaol)	27	27
ESTAT (Eurostat)	2	2
FISMA (Cobhsaíocht Airgeadais, Seirbhísí Airgeadais agus Aontas na Margaí Caipitil)	11	11
FPI (An tSeirbhís um Ionstraimí Beartais Eachtraigh)	2	1
GROW (An Margadh Inmheánach, Tionsclaíocht, Fiontraíocht agus FBManna)	38	39
HOME (Imirce agus Gnóthaí Baile)	19	20
INTPA (Comhpháirtíochtaí Idirnáisiúnta)	5	3
JUST (Ceartas agus Tomhaltóirí)	26	28
MARE (Gnóthaí Muirí agus Iascaireacht)	3	3
MOVE (Soghluaisteacht agus Iompar)	32	33
NEAR (Comharsanacht agus Caibidlíocht maidir le Méadú)	3	3

[10] Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2326 ón gCoimisiún lena mbunaítear conclúidí maidir leis na teicnící is fearr atá ar fáil (BAT), faoi Threoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, do mhórghléasraí dócháin

OLAF (An Oifig Eorpach Frith-Chalaoise)	1	1
REGIO (Beartas Réigiúnach agus Uirbeach)	1	2
RTD (Taighde agus Nuálaíocht)	17	31
SANTE (Sláinte Phoiblí agus Sábháilteacht Bia)	34	33
SG (Ardrúnaíocht) *	4	3
TAXUD (Cánachas agus an tAontas Custaim)	26	28
TRADE (Trádáil)	14	13
IOMLÁN:	**322**	**353**

** Lena n-áirítear an coiste achomhairc* [11]

In 2021, bhí 353 choiste coisteolaíochta ann le linn na bliana[12].

Cumhdaítear cumraíocht na gcoistí ar fad leis an uimhir sin[13] agus léiríonn sí méadú thart ar 10 % ar an líon coistí i gcomparáid le 2020. Ar cheann de na fíorais ba mhó ba shiocair leis an méadú seo, ba idirbhliain é 2021 ina raibh an ghlúin nua de chistí agus cláir CAI[14] ag tosú agus tháinig rialacháin / bunghníomhartha MFF nua i bhfeidhm, lenar aisghaireadh na cinn a bhí ann rompu, den chuid ba mhó[15]. Mar thoradh air sin, i roinnt cásanna bhí coistí idir 'shean' agus 'nua' ann - le haghaidh codanna éagsúla den bhliain - le haghaidh bunghníomhartha den sórt sin. Agus na coistí ar fad ar cuireadh deireadh leo anuraidh san áireamh, is é 317 an líon iomlán coistí a bhí ann ag deireadh na bliana (31 Nollaig 2021), líon a bhí an-chosúil le 2020 (322).

TÁBLA II — AN LÍON COISTÍ DE RÉIR NÓS IMEACHTA

Roinn an Choimisiúin	An cineál nós imeachta				IOMLÁN:
	Comhairleach	**Scrúdú**	**Rialaitheach lena ngabhann grinnscrúdú**	**Nósanna imeachta iomadúla**	
AGRI	0	4	0	8	12
BUDG	0	1	0	1	2
CLIMA	0	1	0	4	5
CNECT	0	6	0	5	11
DEFIS	0	4	0	9	13
DIGIT	0	1	0	0	1
EAC	0	4	0	0	4
ECFIN	0	1	0	1	2
ECHO	0	1	0	1	2
EMPL	1	1	2	3	7
ENER	2	6	1	5	14
ENV	0	8	4	16	27
ESTAT	1	0	0	1	2
FISMA	0	4	2	5	11
FPI	0	1	0	0	1

[11] Tá an coiste achomhairc cláraithe i gClár na Coisteolaíochta mar choiste faoi fhreagracht na hArdrúnaíochta. Sa chleachtas, tá sé á bhainistiú ag na ranna ábhartha ar fad, áfach.

[12] An figiúr seo - mar a léirítear é i dTábla II - taispeánann sé líon iomlán na gcoistí a bhí ann in 2021, don bhliain iomlán nó do chuid den bhliain. Cuireadh deireadh le cuid de na coistí sin le linn na bliana; comhaireadh aschur oibre na gcoistí sin agus airítear iad ar na figiúirí a leagtar amach i dTáblaí III agus IV.

[13] I gcúpla bunghníomh, rinne an reachtóir foráil le haghaidh cumraíochtaí sonracha den choiste.

[14] Clár Airgeadais Ilbhliantúil (do chlárthréimhse 2021-2027)

[15] I gcásanna áirithe, tá foráil i dteannta leis an aisghairm [sa bhunghníomh nua] ina luaitear '[nach ndéanfaidh an bunghníomh nua] difear do leanúint de na gníomhaíochtaí sin, ná do mhodhnú na ngníomhaíochtaí sin, arna dtionscnamh de bhun [an tsean-bhunghnímh], ar [bunghníomh] é a leanfaidh d'fheidhm a bheith aige maidir leis na gníomhaíochtaí sin go dtí go gcuirfear clabhsúr orthu'.

GROW	3	9	2	26	39
HOME	1	17	0	3	20
INTPA	0	3	0	0	3
JUST	8	11	4	5	28
MARE	0	3	0	1	3
MOVE	3	9	0	21	33
NEAR	1	2	0	1	3
OLAF	0	1	0	0	1
REGIO	0	0	0	2	2
RTD	0	24	0	7	31
SANTE	0	13	0	22	33
SG*	0	2	0	1	3
TAXUD	0	13	0	15	28
TRADE	3	4	0	7	14
IOMLÁN:	**23**	**154**	**15**	**170**	**353**

* *Lena n-áirítear an coiste achomhairc*

Léirítear i dTábla II miondealú ar na coistí in 2021 de réir an chineáil nós imeachta faoinar feidhmíodh iad (i.e. nós imeachta comhairleach, nós imeachta scrúdúcháin, nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú). Scaradh na coistí le nósanna imeachta iomadúla ó na coistí a fheidhmíonn faoi nós imeachta amháin.

3.2. An líon cruinnithe

Tá an líon cruinnithe coiste ar cheann de na táscairí gníomhaíochta ar leibhéal na coisteolaíochta. Agus é curtha leis an líon nósanna imeachta i scríbhinn[16], léirítear déine na hoibre, ar an leibhéal earnála agus i gcoistí aonair araon (féach Tábla III).

Tábla III — AN LÍON CRUINNITHE AGUS NA NÓSANNA IMEACHTA I SCRÍBHINN

Roinn an Choimisiúin	An líon coistí	Cruinnithe		Nósanna imeachta i scríbhinn	
		2020	2021	2020	2021
AGRI	12	79	121	69	104
BUDG	2	1	6	5	2
CLIMA	5	7	5	8	8
CNECT	11	12	13	17	21
DEFIS	13	14	36	6	12
DIGIT	1	2	0	0	0
EAC	4	2	8	1	12
ECFIN	2	5	2	0	0
ECHO	2	8	8	6	8
EMPL	6	3	0	1	0
ENER	14	12	10	3	0
ENV	27	20	24	9	20
ESTAT	2	3	3	11	16
FISMA	11	14	14	14	17
FPI	1	4	3	3	0
GROW	39	35	33	48	62

[16] D'fhéadfadh vótáil an choiste tarlú ag cruinniú rialta an choiste nó, i gcásanna cuí-réasúnaithe, trí nós imeachta i scríbhinn, i gcomhréir le hAirteagal 3(5) den Rialachán um Choisteolaíocht.

HOME	20	47	41	38	38
INTPA	3	9	19	51	168
JUST	28	9	30	3	6
MARE	3	0	4	15	16
MOVE	33	44	61	41	37
NEAR	3	7	7	66	41
OLAF	1	0	0	0	0
REGIO	2	1	1	0	7
RTD	31	32	41	275	148
SANTE	33	93	93	678	634
SG*	3	6	6	2	6
TAXUD	28	32	39	26	23
TRADE	14	13	18	73	70
IOMLÁN:	**353**	**514**	**646**	**1 469**	**1 476**

** Lena n-airítear cruinnithe/nósanna imeachta i scríbhinn an choiste achomhairc*

Bhí 646 chruinniú ann in 2021, líon atá i bhfad níos mó ná mar a bhí in 2020, chomh maith le 1 476 nós imeachta i scríbhinn.

3.3. An líon tuairimí agus an líon gníomhartha cur chun feidhme cur chun feidhme

Tugtar léiriú sa tuarascáil seo freisin ar aschur inláimhsithe na gcoistí. Cuirtear na figiúirí foriomlána i láthair i dTábla IV maidir leis na tuairimí foirmiúla a thug na coistí agus na gníomhartha cur chun feidhme a ghlac an Coimisiún ina dhiaidh sin[17].

TÁBLA IV — AN LÍON TUAIRIMÍ AGUS AN LÍON GNÍOMHARTHA CUR CHUN FEIDHME A GLACADH

Roinn an Choimisiúin	**Tuairimí[18]**		**Gníomhartha cur chun feidhme a glacadh**		**Rúin ó Pharlaimint na hEorpa /Cinntí ón gComhairle (Airt. 11)**
	2020	**2021**	**2020**	**2021**	**2021**
AGRI	102	101	100	100	0
BUDG	3	2	3	1	0
CLIMA	10	9	6	9	0
CNECT	28	43	23	41	0
DEFIS	8	19	7	14	0
DIGIT	1	0	1	0	0
EAC	3	8	3	8	0
ECFIN	10	1	10	0	0
ECHO	8	8	7	9	0
EMPL	3	0	2	0	0
ENER	5	3	1	0	0
ENV	19	24	11	15	0
ESTAT	12	16	12	15	0
FISMA	11	22	12	18	0
FPI	3	0	1	0	0
GROW	61	62	44	31	1 (An Chomhairle)
HOME	69	67	11	36	0

[17] Is féidir le neamhréireanna a bheith ann idir an líon tuairimí agus an líon gníomhartha cur chun feidhme/beart cur chun feidhme i mbliain faoi leith. Mínítear na cúiseanna sa réamhrá leis an doiciméad inmheánach oibre a ghabhann leis.

[18] Ríomhtar i líon iomlán na dtuairimí vóta amháin a raibh ‘gan aon tuairim’ mar thoradh air.

INTPA	58	168	58	167	0
JUST	3	9	2	8	0
MARE	15	16	16	9	0
MOVE	59	64	59	61	0
NEAR	66	40	65	40	0
OLAF	0	0	0	0	0
REGIO	0	7	0	5	0
RTD	275	149	191	110	0
SANTE	749	818	748	775	10 (An Pharlaimint)
SG*	1	2	1	2	0
TAXUD	56	50	54	47	0
TRADE	80	76	81	71	0
IOMLÁN:	**1 718**	**1 782**	**1 529**	**1 592**	**11**

* *Tá tuilleadh faisnéise faoi obair/thuairimí an choiste achomhairc le fáil i dTábla V.*

Thug na coistí 1782 thuairim in 2021, beagán níos mó ná an líon tuairimí a bhí ann in 2020 (1718), i gcomhréir leis an méadú ar an líon coistí. Bhí an líon gníomhartha cur chun feidhme a glacadh tar éis nós imeachta coiste, 1592 in 2021, beagán níos airde ná an líon a bhí ann in 2020 (1529) freisin.

Tá ceart grinnscrúdaithe ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle faoi Airteagal 11 den Rialachán um Choisteolaíocht. In 2021, ghlac Parlaimint na hEorpa 10 rún[19] ar bhonn Airteagal 11 den Rialachán um Choisteolaíocht, agus bhain siad uile le gníomhartha de chuid AS SANTE. D'fheidhmigh an Chomhairle a ceart maidir le grinnscrúdú a dhéanamh uair amháin[20], maidir le gníomh de chuid AS GROW.

3.4. Cruinnithe an choiste achomhairc

Mar a léirítear i dTábla V, tháinig an coiste achomhairc le chéile sé huaire le linn 2021, agus phléigh siad 12 dhréachtghníomh cur chun feidhme a chuir an Coimisiún faoina bhráid. Ag baint úsáid as comhairliúcháin i scríbhinn maidir le 10 ndréachtghníomh agus vótáil i gcruinniú maidir le 2 cheann acu, thug sé 'gan aon tuairim' in 11 chás agus tuairim dhearfach i gceann amháin acu[21]. Ghlac an Coimisiún an 12 ghníomh cur chun feidhme tar éis an choiste achomhairc.

TÁBLA V — GNÍOMHAÍOCHT AN CHOISTE ACHOMHAIRC

Roinn an Choimisiúin	**Líon cruinnithe/comhairliúchán i scríbhinn an choiste achomhairc**		**Líon tuairimí[22] an choiste achomhairc**		**An líon gníomhartha a glacadh tar éis don choiste achomhairc tuairim a thabhairt**	
	2020	**2021**	**2020**	**2021**	**2020**	**2021**

[19] Ní chuimsíonn an liosta seo: rún (2021/2594(RSP)) ó Pharlaimint na hEorpa maidir le cosaint leordhóthanach a thabhairt do shonraí pearsanta ag an Ríocht Aontaithe, inar chuir sé i gcoinne an dá dhréachtghníomh cur chun feidhme i gceist, ach gan é a bhunú go sonrach ar Airteagal 11 den Rialachán um Choisteolaíocht.

[20] Ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin um Choisteolaíocht ba é seo an chéad uair ar bhain an Chomhairle úsáid as a ceart grinnscrúdaithe trí chur i gcoinne dréachtghníomh cur chun feidhme de chuid an Choimisiúin.

[21] Tá tuilleadh mionsonraí ar fáil sa doiciméad inmheánach oibre atá ag gabháil leis.

[22] Cuimsíonn an téarma 'tuairim' an cás ina mbeadh 'gan aon tuairim' mar thoradh foirmiúil air, rud a chiallaíonn nach ann don tromlach is gá, bealach amháin nó bealach eile. Léirítear an líon cásanna 'gan aon tuairim' idir lúibíní.

MOVE	1	1 / 0	1	1 (0)	1	1
SANTE	3	14 / 14	9	10 (10)	3	10
TRADE	1	1 / 0	1	1 (1)	1	1
IOMLÁN:	**5**	**16 / 14**	**11**	**12**	**5**	**12**

3.5. Úsáid an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú

Choimeád an Rialachán um Choisteolaíocht éifeachtaí an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú chun críocha na mbunghníomhartha atá ann cheana a thagraíonn dó[23]. Ní féidir an nós imeachta seo a úsáid i reachtaíocht nua a thuilleadh, ach tá sé fós le feiceáil i go leor bunghníomhartha atá ann cheana agus leanfaidh sé d'fheidhm a bheith aige faoi na gníomhartha sin go dtí go ndéantar ailíniú ar na cumhachtuithe faoi seach leis na cumhachtuithe le haghaidh na ngníomhartha tarmligthe nó le haghaidh na ngníomhartha cur chun feidhme (mar a léirítear i Roinn 1.1).

In 2021, glacadh 68 mbeart i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú (féach Tábla VI thíos), líon atá beagán níos airde i gcomparáid le 2020 nuair a glacadh 55 bheart.

Bhain Parlaimint na hEorpa úsáid as an gceart cur i gcoinne gníomhartha faoin nós imeachta rialúcháin faoi dhó in 2021 agus níor bhain an Chomhairle úsáid as. Ar mhaithe le comparáid a dhéanamh, in 2020, chuir Parlaimint na hEorpa i gcoinne gníomhartha ceithre huaire ach níor bhain an Chomhairle úsáid as an gceart seo.

TÁBLA VI — AN LÍON BEART A GLACADH I GCOMHRÉIR LEIS AN NÓS IMEACHTA RIALÚCHÁIN LENA NGABHANN GRINNSCRÚDÚ

Roinn an Choimisiúin	Nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú – bearta a glacadh	Na dréachtbhearta ar chuir Parlaimint na hEorpa ina gcoinne	Na dréachtbhearta ar chuir an Chomhairle ina gcoinne
AGRI	0	0	0
BUDG	0	0	0
CLIMA	0	0	0
CNECT	0	0	0
DEFIS	0	0	0
DIGIT	0	0	0
EAC	0	0	0
ECFIN	0	0	0
ECHO	0	0	0
EMPL	0	0	0
ENER	0	0	0
ENV	6	0	0
ESTAT	3	0	0
FISMA	4	0	0
FPI	0	0	0
GROW	10	0	0
HOME	0	0	0
INTPA	0	0	0
JUST	0	0	0
MARE	0	0	0
MOVE	0	0	0
NEAR	0	0	0

[23] Airteagal 12, an dara mír den Rialachán um Choisteolaíocht.

OLAF	0	0	0
REGIO	0	0	0
RTD	0	0	0
SANTE	45	2	0
SG	0	0	0
TAXUD	0	0	0
TRADE	0	0	0
IOMLÁN:	**68**	**2**	**0**

4. CONCLÚID

Lean gníomhaíocht na gcoistí in 2021 ar leibhéil a bhí an-chosúil leis na blianta roimhe sin, le méadú ar líon iomlán na gcoistí agus ar líon iomlán na dtuairimí a soláthraíodh: bhí 353 choiste ann, a reáchtáil 646 chruinniú, a rinne 1476 nós imeachta i scríbhinn agus a thug 1782 thuairim. Tugann siad tacaíocht luachmhar don Choimisiún na cumhachtaí cur chun feidhme a thugann na comhreachtóirí dó a fheidhmiú.

Iarrtar ar Pharlaimint na hEorpa agus ar an gComhairle an tuarascáil seo a thabhairt dá n-aire.